



## Réamhrá

Nuair a dhéanann duine comhaontú morgáiste le hinstiúid airgeadais chun réadmhaoin a cheannach, maidir leis an dá pháirtí bíonn cearta acu agus oibleagáidí orthu a leagtar amach sa ghníomhas morgáiste. Leis seo, cruthaítear caidreamh dleathach idir an duine a cheannaigh an réadmhaoin (an t-iasachtaí) agus an instiúid airgeadais.

Príomhoibleagáid de chuid an iasachtaí a bhíonn sa ghníomhas morgáiste an morgáiste a aisíoc ar aon dul leis na téarmaí a comhaontaíodh. Nuair a theipeann ar an iasachtaí an morgáiste a aisíoc tráth a dhlite, tá de chumhacht ag an instiúid airgeadais glacadóir a cheapadh don réadmhaoin trí eisiúint 'Gnóthas Ceapachán Glacadóra'.

Ar cheapadh an ghlacadóra, beidh ainm an iasachtaí, seoladh na réadmhaoine atá faoi ghlacadóireacht ag an nglacadóir agus is sonraí pearsanta iad araon. Tá bunús dlí ag an instiúid airgeadais chun na sonraí pearsanta seo a thabhairt don ghlacadóir, óir is gá na sonraí pearsanta seo chun conradh a fheidhmiú ar páirtí é an t-iasachtaí ina leith. **Ansin, próiseálfaidh an glacadóir na sonraí pearsanta seo** le linn reáchtáil agus bainistíocht na glacadóireachta.

Sa treoir seo leagtar amach seasamh ginearálta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) maidir le ceisteanna cosanta sonraí a d'fhéadfadh teacht aníos le linn na glacadóireachta:

- **aitheantas an ghlacadóra** agus a **stádas mar rialaitheoir nó próiseálaí** sonraí pearsanta, le cois stádas **ghnó an ghlacadóra**, bíodh sé mar rialaitheoir nó próiseálaí;
- an **bunús dlí** atá le próiseáil sonraí pearsanta in **oscailt cuntas bainc** le linn na glacadóireachta;
- an **bunús dlí** atá le sonraí pearsanta a phróiseáil i bh**feidhmiú polasaí árachais** le linn an phróisis glacadóireachta; agus
- an **bunús dlí** atá le sonraí pearsanta a phróiseáil in íocaíocht **Cáin Mhaoine Áitiúil** (LPT).

Tá, ar ndóigh, réimse leathan d'oibleagáidí cosanta sonraí a bhaineann leis an nglacadóir, nó le haon rialaitheoir nó próiseálaí a bhfuil baint acu le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs glacadóireachta, go háirithe an oibleagáid prionsabail cosanta sonraí a chomhlíonadh; tá an treoir seo teoranta, áfach, do na ceisteanna atá liostaithe thuas.

D'fhéadfadh ceisteanna breise eile a bheadh le meas an DPC teacht aníos de bharr fíricí i gcás ar leith eile.

## Cé hé/hí an glacadóir?

Is iondúil go n-úsáidtear an struchtúr ainmniúcháin seo a leanas i nGnóthas Ceapachán Glacadóra "*Leis seo, ceapann an banc [ainm an duine] ó [seoladh]*" mar an nglacadóir. Is iondúil gurb é an seoladh a thugtar ionad gnó an duine ainmnithe agus cuimsítear ainm an ghnólachta. Is iondúil gur stiúrthóir nó páirtí an ghnólachta ainmnithe an duine ainmnithe.

**Is é an glacadóir an duine ainmnithe.** Ní hé an gnólacht ainmnithe an glacadóir.

Is **iondúil** go gceapann an glacadóir an **gnólacht ainmnithe chun** bainistíocht na glacadóireachta **a bhainistiú nó cuidiú a thabhairt**. Ní dhéanann sé seo an glacadóir den ghnólacht ainmnithe.

### Sampla 1

Maítear i nGnóthas Ceapacháin an Ghglacadóra: "*leis seo, ceapann an banc Séan Mac as ComhlachtX Teo, 21 Plás Mhic Liam, BÁC 2 mar ghlacadóir*".

Ansin, ceapann Séan Mac ComhlachtX chun an ghlacadóireacht a bhainistiú thar ceann an ghlacadóra. Sa sampla seo, is stiúrthóir de chuid ComhlachtX é Séan Mac.

Is é Séan Mac an glacadóir. Ní hé ComhlachtX an glacadóir.

## An Glacadóir mar Rialaitheoir

Is é '**rialaitheoir**' na sonraí pearsanta an t-eintiteas a **shocraíonn 'cúiseanna agus modhanna'** próiseáil sonraí pearsanta - .i. '**cad chuige' agus 'cén chaoi'** a bpróiseáiltear na sonraí pearsanta. Tá réimse oibleagáidí ar rialaitheoirí faoin dlí um chosaint sonraí. Má shocraíonn dhá eintiteas nó níos mó, cén chaoi agus cad chuige a bpróiseáiltear sonraí pearsanta, féadann siad a bheith ina 'gcomhrialaitheoirí', agus bheadh comhfhreagracht orthu as na hoibleagáidí próiseáil sonraí.

Is **rialaitheoir é an glacadóir** ó thaobh próiseáil sonraí pearsanta le linn bhainistiú na glacadóireachta.

Tá na cumhachtaí ag an nglacadóir atá maíte sa ghnóthas morgáiste agus cumhachtaí de bhun an reachta.<sup>1</sup> Cuireann na cumhachtaí a thugtar don ghlacadóir sa reacht ar a

---

<sup>1</sup> Maidir le morgáistí a tiomsaíodh i ndiaidh 1 Nollaig 2009 is é *an tAcht um Athchóiriú Dlí Talún agus Tíolactha, 2009* an reachtaíocht bhainteach. Maidir le morgáistí a tiomsaíodh roimh 1 Nollaig 2009 is é *an tAcht um Thíolacadh, 1881* an reachtaíocht bhainteach.

c(h)umas éilimh a dhéanamh ó thaobh ioncam na réadmhaoine de in ainm an ghlacadóra nó na hinstitiúide airgeadais<sup>2</sup>.

Maidir le **haitheantas rialaitheoirí** sonraí pearsanta **a shocrú**, tá an méid seo a leanas curtha in iúl ag an Ard-Chúirt:

Feictear dom nach féidir ach béim an-teoranta a chur ar fhorálacha comhaontuithe idirchomhlachta maidir le cé atá le hainmniú mar "rialaitheoir sonraí", nó le freagracht aonair den saghas a ghlacadh, ach amháin go bhfuil an t-ainmniú agus an tréithriú araon iomlán comhleanúnach le freagra na ceiste más amhlaidh go bhfuil, i bhfírinne, smacht ag an eintiteas bainteach as féin ar ábhar agus úsáid na sonraí pearsanta atá i gceist. I bhfocail eile, is é sin fírinne an scéil a bheidh i réim thar aon ainmniú nó tréithriú conarthach den saghas<sup>3</sup>.

Nuair a bhíonn stádas glacadóra á mheasúnú, is beag béim a chuirtear ar chomhaontuithe idirchomhlachta nó an dtagraítear i gconradh nó i ndoiciméad eile do dhuine nó d'eintiteas mar 'rialaitheoir,' nó mar 'próiseálaí', srl. Seachas sin, is é **chuirfear san áireamh feidhmiú an 'rialú'** sa phróiseáil, trína shocrú cad chuige agus cén chaoi a bpróiseáiltear sonraí pearsanta.

Tá de chumhacht ag glacadóir suimeanna a éileamh in ainm an iasachtaí nó na hinstitiúide airgeadais agus tá cumhachtaí aige/aici a eascraíonn as an reacht agus as an ngnóthas morgáiste. An toradh a bhíonn air sin go mbíonn smacht ag an nglacadóir ar chúiseanna agus modhanna na próiseála. Mar sin de, is rialaitheoir é/í an glacadóir ó thaobh próiseáil sonraí pearsanta de; ní fheidhmíonn an glacadóir mar phróiseálaí sonraí thar ceann na hinstitiúide airgeadais.

## **Gnólacht Ainmnithe an Ghlacadóra – Rialaitheoir nó Próiseálaí?**

Ní thugtar aon stádas sa phróiseas glacadóireachta don ghnólacht seo mar gheall ar úsáid ghnólacht ainmnithe an ghlacadóra ar Ghnóthas Ceapacháin an Ghlacadóra. Ní chiallaíonn an gnólacht ainmnithe a bheith ar Ghnóthas Ceapacháin an Ghlacadóra go bhfuil an gnólacht ainmnithe seo ceaptha chun cuidiú le reáchtáil na glacadóireachta. Cleachtas coiteann é go **gceapadh** glacadóir **eintiteas chun cuidiú** le reáchtáil na glacadóireachta agus is iondúil go gceapann an glacadóir an t-eintiteas ina bhfuil sé/sí ina stiúrthóir nó ina p(h)áirtnéir.

---

<sup>2</sup> Alt 108(3) den *Acht um Athchóiriú Dlí Talún agus Tíolactha* agus Alt 24(3) den *Acht um Thíolacadh, 1881*

<sup>3</sup>*In the Matter for Mount Carmel Medical Group I gCás Mount Carmel Medical Group (Baile Átha Cliath Theas) Teo (Leachtaithe)* [2015] IEHC 450, para 53

Má cheapann an glacadóir gnólacht ainmnithe an ghlacadóra, bainisteoidh nó reáchtálfaidh an t-eintiteas seo an ghlacadóireacht de bhun chumhachtaí an ghlacadóra. **D'fhéadfadh sé gur comhrialaitheoir** in éineacht leis an nglacadóir an t-eintiteas **nó próiseálaí**, ag próiseáil ar son an ghlacadóra, **ag brath ar chúinsí** gach ghlacadóireacht ar leith.

Is duine le dlí nó duine nádúrtha, gníomhaireacht nó foras eile a **phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora é an próiseálaí**. D'fhonn a mheas cé acu próiseálaí nó rialaitheoir é eintiteas, is gá a mheas go dtí cén leibhéal a shocraíonn an t-eintiteas cúiseanna agus modhanna na próiseála. Mar a pléadh thuas, is ionann é seo agus 'cad chuige' agus 'cén chaoi' gníomhaíochtaí próiseála a shocrú.

Áirítear le fachtóirí ar cuidiú iad a shocrú cé acu próiseálaí nó comhrialaitheoir é an gnólacht ainmnithe, i gcás gníomhaíochtaí próiseála a dhéantar mar chuid de bhainistiú na glacadóireachta an méid seo a leanas:

- an ann do chonradh idir an glacadóir agus an gnólacht ainmnithe ina sonraítear an tseirbhís atá le tabhairt ag an ngnólacht ainmnithe;
- an leibhéal smachta a bhfuil cead ag an ngnólacht ainmnithe a fheidhmiú agus an ghlacadóireacht á bainistiú; agus
- an fáth agus an chaoi a bhfuil an gnólacht ainmnithe ag próiseáil na sonraí pearsanta.

Sa chás gur próiseálaí sonraí an gnólacht ainmnithe dá dtagraítear sa Ghnóthas Ceapacháin Glacadóra, is próiseálaí sonraí é thar ceann an ghlacadóra, seachas próiseálaí sonraí thar ceann na hinstiúide airgeadais. Tá sé seo amhlaidh ar an ábhar go bhfuair sé a údarás agus a chumhacht chun an ghlacadóireacht a bhainistiú ón nglacadóir a cheapann é agus ní ón instiúid airgeadais agus mar a mhaígh an Ard-Chúirt " is é *sin fírinne an scéil a bheidh i réim thar aon ainmniú nó tréithriú conarthach den saghas*".

### Sampla 2

Ag úsáid na bhfíricí céanna ó Shampla 1 thuas, ceapann banc Seán Mac mar ghlacadóir. Ceapann Seán Mac ComhlachtX Teo le cuidiú leis an ghlacadóireacht a bhainistiú.

Sa sampla seo, tá conradh mionsonraithe idir ComhlachtX agus an glacadóir. Liostaithe sa chonradh tá na gníomhaíochtaí a bhfuil ComhlachtX freagrach astu agus nach mór dó sonraí pearsanta a phróiseáil de réir an chonartha seo. Níl cinnteacht ag baint le haon chinneadh maidir le sonraí pearsanta ná próiseáil, ní mór treoir a iarraidh ar an nglacadóir.

Mar gheall ar an leibhéal smachta a fheidhmíonn an glacadóir agus an conradh mionsonraithe a bheith i bhfeidhm, is próiseálaí é ComhlachtX don ghlacadóir. Ní próiseálaí é ComhlachtX don bhanc.

## Cuntas Bainc – Bunús dlí

Le linn an phróisis glacadóireachta, is iondúil go n-osclaíonn an glacadóir cuntas bainc d'fhonn ioncam a bhaineann leis an nglacadóireacht a bhainistiú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sonraí pearsanta an iasachtaí sa chuntas bainc seo, a n-ainm san áireamh.

Níl próiseáil sonraí pearsanta dleathach ach amháin má tá ceann de na [bunús dlí i gcomhair próiseála](#) i bhfeidhm. Is é seasamh an DPC gur iondúil go dtiteann próiseáil sonraí pearsanta nuair a bhíonn cuntas bainc á oscailt laistigh den bhunús dlí leasa dhlísteanaigh<sup>4</sup> ar na fáthanna atá leagtha amach thíos.

Is tríd an mbunús dlí leasa dhlísteanaigh i leith na próiseála seo a cheadaítear sonraí pearsanta a phróiseáil más amhlaidh:

go bhfuil próiseáil riachtanach ar chúiseanna leasa dhlísteanaigh atá á bhfeidhmiú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, ach amháin sa chás ina mbíonn leas den saghas sáraithe ag leas nó ag bunchearta agus bunsaoirsí an duine is ábhar do na sonraí trína n-éilítear cosaint sonraí pearsanta, go háirithe nuair is páiste é an duine is ábhar do na sonraí.

Rialaitheoirí ar mian leo a bheith ag brath ar bhunús dlí an leasa dhlísteanaigh, is gá dóibh na trí ghné a chomhlíonadh atá de dhíth le go bhfeidhmeofar an bunús dlí seo:

- a) **leas dlisteanach** a shainnithint a ghabhann siad féin nó tríú páirtí;
- b) a léiriú **gur gá** sonraí pearsanta an duine a phróiseáil chun an leas dlisteanach a **ghnóthú**; agus
- c) **cothroime** idir an leas dlisteanach agus **leas**, chearta agus shaoirse **an duine is ábhar do na sonraí**.

Ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos, is é seasamh an DPC, go ginearálta, má tá an glacadóir ag feidhmiú mar rialaitheoir i gcomhair próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le **hoscailt cuntas bainc**, mar chuid de bhainistiú na glacadóireachta, **go bhféadfadh sé a bheith bunaithe ar bhunús dlí an leasa dhlísteanaigh**.

### ***Leas Dlisteanach***

Is beart réasúnta é oscailt cuntas bainc chun ioncam agus caiteachas (más ann) a bhainistiú a bhaineann le bainistiú réadmhaoine, chun díol réadmhaoine atá faoi ghlacadóireacht a bhainistiú agus atá le **leas dlisteanach** an ghlacadóra **chun ioncam** ón réadmhaoin a **bhainistiú go héifeachtach**.

---

<sup>4</sup> Airteagal 6(1)(f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Alt 2A(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (mar a leasaíodh)

## ***Próiseáil Riachtanach maidir leis an Leas Dlisteanach***

Ciallaíonn riachtanas gur chóir gur modh **réasúnta agus comhréireach** é próiseáil sonraí chun sprioc ar leith a ghnóthú agus nár chóir sonraí pearsanta a phróiseáil má tá bealach níos réasúnta agus níos comhréirí agus nach bhfuil chomh pearsanta ann chun cuspóir a bhaint amach. Go ginearálta, chun an triail riachtanais a shárú, ba chóir **nár bh ann don dara rogha a bheadh chomh héifeachtach céanna.**<sup>5</sup>

Nuair a bhítear ag meas cé acu is gá nó nach gá an measúnú, is é an chéad chéim ná a fháil amach an féidir **bearta eile a shainaithint ar lú an tionchar** a bheadh acu ar an gceart cosanta sonraí agus sa chás inar féidir bearta a shainaithint ar lú an cur isteach a bhaineann leo, is gá a mheas an gcuirfeadh a leithéid de bhearta go héifeachtach leis an leas dlisteanach atá i gceist.

Is féidir cuntas bainc a oscailt ar chúiseanna glacadóireachta gan ainm an iasachtaí a úsáid agus, ina áit sin, aitheantóir eile a úsáid. D'fhéadfadh ainmneacha cuntais den chineál sin, áfach, a bheith ina gcúis mhearbhaill sa chás ina mbíonn glacadóir ag maoirsiú an iomad glacadóireachta a bhaineann le hiasachtaithe éagsúla agus an toradh a bheadh air sin ioncam a shaothraítear nó a chaitear le linn an phróisis glacadóireachta á lóisteáil sna cuntais chontráilte nó á mbaint astu.

**Mar sin de, is féidir a mheas gur gá** ainm iasachtaí a úsáid ar chuntas bainc chun leas dlisteanach ioncam ón réadmhaoín a bhainistiú go héifeachtach.

## ***Triail Chothromaithe***

Is é an tríú cuid den triail a mheas an féidir próiseáil a bhunú ar bhunús dlí an leasa dhlísteanaigh. Chuige sin, is gá **beart cothromaithe** idir **leas dlisteanach** an rialaitheora sonraí nó an tríú páirtí agus **leas an iasachtaí** agus bunchearta agus bunsaoirsí.

Má chuimsítear ainm an iasachtaí ar an gcuntas, bheadh daoine a mbeadh rochtain acu ar an gcuntas bainc agus fostaithe de chuid an bhainc ina mbeadh an cuntas in ann an t-iasachtaí a aithint. Daoine a mbeadh ainm an chuntais ar eolas acu, bheadh eolas acu, go dtí pointe teoranta, ar chúinsí airgeadais an iasachtaí.

Tá leas dlisteanach ag an nglacadóir a chinntiú go dtéitear i gceann na glacadóireachta chomh héifeachtach agus is féidir. Má dhéantar é seo **bainistíocht is fearr** na glacadóireachta an toradh a bheidh air agus is lú d'ioncam na réadmhaoine a úsáidfear i gcostais riaracháin chun an ghlacadóireacht a bhainistiú. Toradh a eascróidh as sin gur mó den iasacht a aisíocfar leis an institiúid airgeadais agus, ar deireadh thiar, **laghdófar fiacha an iasachtaí** leis an institiúid airgeadais.

---

<sup>5</sup> Féach CJEU, Comhchásanna C-465/00, C-138/01 agus C-139/01 *Österreichischer Rundfunk*, para 88

Tá leas agus bunchearta agus bunsaoirsÍ ag an iasachtaÍ a chaithfear a chur sa mheá leis an leas dlisteanach agus tríd is tríd **is teoranta an úsáid a bhaintear as ainm iasachtaí** ar an gcuntas bainc agus ní chuireann sé as dá saol príobháideach sna cúinsí seo.

Le hainm an chuntais, **shainaitheofaí an t-iasachtaí do líon teoranta** daoine a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis an chuntais. Is gá é seo a chur sa mheá i gcoinne an leasa dhlisteanach atá á fheidhmiú sna cúinsí áirithe seo agus mar a chabhródh an leas dlisteanach seo chun fiachas atá le híoc fós leis an institiúid airgeadais a laghdú.

Sna cúinsí sainiúla teoranta seo, **ní sháraíonn leas an iasachtaí** agus a c(h)earta agus saoirsÍ bunúsacha an leas dlisteanach atá á fheidhmiú ag an nglacadóir.

## **Polasaí Árachais – Bunús Dlí**

Le linn an phróisis glacadóireachta, d'fhéadfaí **polasaí árachais a fheidhmiú** chun réadmhaoin na glacadóireachta a chur faoi árachas. **D'fhéadfadh sonraí pearsanta** an iasachtaí, a n-ainm san áireamh, a bheith sa pholasaí árachais.

Mar a pléadh thuas, rialaitheoirí ar mian leo a bheith ag brath ar bhunús dlí an leasa dhlisteanach, is gá dóibh na trí ghné a chomhlíonadh atá de dhíth chun go bhfeidhmeofaí an bunús dlí seo:

- a) leas dlisteanach** a shainaitheofaí a fheidhmíonn siad féin nó tríú páirtí;
- b) a léiriú** go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta an té ar ábhar sonraí é/í **riachtanach** chun an leas dlisteanach **a ghnóthú**; agus
- c) cothroime** a bhaint amach idir an leas dlisteanach agus **leas**, cearta agus saoirsÍ **an té ar ábhar sonraí é/í**.

Ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos, is é seasamh an DPC, go ginearálta, má tá an glacadóir ag gníomhú mar rialaitheoir próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le **feidhmiú polasaí árachais** mar chuid de bhainistiú na glacadóireachta, **go bhféadfadh sé seo a bheith bunaithe ar leas dlisteanach**.

### ***Leas Dlisteanach***

Is **beart réasúnta** é polasaí árachais a thógáil ar réadmhaoin atá faoi ghlacadóireacht chun **slánú a chinntiú** i leith aon chaillteanas nó damáiste a dhéanfaí don réadmhaoin agus tá feidhmiú a leithéid de pholasaí le **leas dlisteanach** an ghlacadóra maidir le **bainistiú éifeachtach na glacadóireachta**.

## ***Próiseáil Riachtanach don Leas Dlisteanach***

Mar a pléadh [thuas](#), nuair a mheastar an gá an phróiseáil, is í an chéad cheist an féidir **bearta eile a shainaitheint ar lú an tionchar** a bheadh acu ar cheart cosanta sonraí agus más féidir teacht ar bhearta ar lú an cur isteach a bhaineann leo, is gá a mheas an gcuirfeadh bearta den saghas go héifeachtach leis an leas dlisteanach atá i gceist.

Nuair a bhíonn réadmhaoín faoi ghlacadóireacht, is é an t-iasachtaí fós úinéir dleathach na réadmhaoine. Is gá faisnéis a chur ar fáil faoi úinéir dleathach na réadmhaoine agus go bhfuil an réadmhaoín faoi ghlacadóireacht chun an réadmhaoín a chur faoi árachas. **Is cosúil nach ann do bheart ar lú an cur isteach a bhaineann leis** chun an réadmhaoín a chur faoi árachas agus, san am céanna, stádas na réadmhaoine a chur in iúl sa pholasaí árachais.

Is féidir a mheas gur gá próiseáil sonraí pearsanta chun polasaí árachais a fháil agus, mar sin de, tá sé **riachtanach chun leas dlisteanach an ghlacadóra a fheidhmiú** chun slánú a chinntiú as aon chailteanas nó damáiste don réadmhaoín.

## ***Triail Chothromaithe***

Ní ceadmhach próiseáil ach amháin mura sáraíonn leas, bunchearta agus bunsaoirsí an iasachtaí an leas dlisteanach atá á fheidhmiú ag an nglacadóir. Ní ceart absalóideach é buncheart an iasachtaí ar chosaint sonraí agus is gá é a chur sa mheá leis an bpróiseáil atá ar siúl.

D'fhonn an triail chothromaithe a mheas, tá curtha san áireamh ag an DPC gurb é **an t-iasachtaí úinéir na réadmhaoine fós** le linn an phróisis glacadóireachta agus go bhfuil an glacadóir, nuair a fheidhmíonn sé **polasaí árachais, ag cosaint réadmhaoín an iasachtaí le cois leas dlisteanach an ghlacadóra**. Dála cuntas bainc a oscailt, déantar méid teoranta, comhréireach próiseáil sonraí ar mhaithe leis an leas dlisteanach seo.

Mar sin de, tá an DPC sásta **nach sáraíonn leas** agus bunchearta agus bunsaoirsí an **iasachtaí** an leas dlisteanach a fheidhmíonn an glacadóir ina leithéid de chúinsí.

## **Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT) – Bunús Dlí**

Is iondúil **go n-íocann glacadóir Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT)** réadmhaoine ar tugadh a cúram dó/di. Mar a luadh thuas, níl próiseáil sonraí pearsanta dleathach ach nuair a bhíonn ceann de na bunúis dlí i gcomhair próiseáil sonraí pearsanta i bhfeidhm.



Is é seasamh an DPC go ginearálta go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta chun LPT a íoc **riachtanach chun oibleagáid dlí a chomhlíonadh** a bhfuil an rialaitheoir faoina réir.

Tá **oibleagáid dlí** ar **ghlacadóir**, mar an rialaitheoir, **gach cáin a íoc** i leith réadmhaoine morgáistithe de bhun Alt 24(8) den Acht um Thíolacadh 1881 agus Alt 109(1)(a) den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009.

Sannann na Coimisinéirí Ioncaim '**Uimhir Uathúil Aitheantais Réadmhaoine**' do gach réadmhaoine agus féadann glacadóir nascadh leis an Uimhir Uathúil Aitheantais Réadmhaoine seo chun LPT a íoc. An Uimhir Uathúil Aitheantais Réadmhaoine amháin atá ar fáil don ghlacadóir le cois dhliteanas cánach na réadmhaoine i leith na tréimhse atá i gceist. Is gá don ghlacadóir sonraí pearsanta seo an iasachtaí a phróiseáil chun a (h)oibleagáid íoctha gach cánach a chomhlíonadh.

Mar sin de, **féadann an glacadóir a bheith ag brath ar** bhunús dlí **oibleagáid dlí a chomhlíonadh** chun sonraí pearsanta a phróiseáil nuair a bhíonn LPT á íoc.